

Céard í ÍCT?

Is cineál tacaíochta do thithíocht shóisialta í ÍCT a chuireann gach údarás áitiúla ar fáil. Ciallaíonn tabhairt isteach ÍCT gur féidir le húdarás áitiúla cúnaimh tithíochta a sholáthar anois do theaghlach a cháilíonn le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta, lena n-áirítear go leor teaghlach a fhaigheann an Forlíonadh Cíos a thar thréimhse fhadtéarmach.

Faoi ÍCT, déanfaidh údarás íocaíocht mhíosúil le tiarna talún, faoi réir téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear teorainneacha cíosa, thar ceann tionónta. Ina chomhair sin, íocann an tionónta ranníocaíocht leis an údarás áitiúil i gcomhair an chíosa. Bíonn an 'ranníocaíocht cíosa' seo de réir ioncam an teaghlach. Ríomhtar é ar an gcaoi chéanna agus a d'íoc tionónta maoiné údarás áitiúil cíos.

Cén fáth a bhfuil ÍCT á tabhairt isteach?

Soláthraítear córas níos comhtháite de thacaíochtaí tithíochta trí ÍCT agus is é an aidhm atá léi:

- ceadú do lucht a faighte oibriú go lánaimseartha ach coinneáil orthu ag fáil a gcuid tacaíochta tithíochta, agus
- ceadú dóibh rochtain a fháil ar na tacaíochtaí tithíochta sóisialta uile trí aon chomhlacht amháin - an t-údarás áitiúil.

Cé atá incháilithe don ÍCT?

- Is féidir le teaghlach ar bith a cháilíonn le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta iarratas a dhéanamh ar ÍCT.
- Déanfar faighteoirí reatha an Fhorlíonadh Cíos a cháilíonn le haghaidh tacaíocht tithíochta a aistriú ó Fhorlíonadh Cíos go ÍCT ar bhonn céimnithe.

Conas a oibríonn ÍCT?

- Chun cáiliú do ÍCT, ní mór go mbeadh teaghlach incháilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta ag a n-údarás áitiúil, rud a chiallaíonn nach mór go gcaileodh an teaghlach le dul ar liosta feithimh tithíochta an údarás áitiúil.
- Ní mór d'fhaighteoirí ÍCT a gcuid cóiríochta féin a aimsiú sa mhargadh cóiríochta príobháidí ar cíos. (Tá sé seo mar an gcéanna le scéim reatha an Fhorlíonadh Cíos.)
- Ní mór go n-aontódh an tiarna talún a réadmhaoin a thabhairt ar cíos d'fhaighteoir ÍCT.
- Déanfaidh an t-údarás áitiúil íocaíocht mhíosúil leis an tiarna talún. Déantar an íocaíocht seo ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí. Cumhdaíonn sí seo fanacht an tionónta ag an réadmhaoin don mhí féilire sin. Tá an íocaíocht faoi réir téarmaí agus coinníollacha, de réir teorainneacha cíosa, **agus** faoi réir an choinnill go n-íocadh an tionónta a ranníocaíocht cíosa leis an údarás áitiúil.
- Íocfaidh an faighteoir ÍCT a ranníocaíocht cíosa leis an údarás áitiúil. Is gnáth go ndéantar ranníocaíochtaí cíosa trí Scéim Buiséid Teaghlach An Post. Mura n-íocfaidh an tionónta an ranníocaíocht cíosa seo, cuirfear íocaíochtaí ÍCT lena thiarna talún ar fionraí agus stopfar iad ar deireadh. Sa chás sin, tá an tionónta freagrach as an gcíos iomlán a íoc é féin.

Céard iad na buntáistí atá le ÍCT?

I gcás na bhfaighteoirí ÍCT

- Tugann ÍCT cead d'fhaighteoirí dul i mbun fostaíochta lánaimseartha, ach a gcuid tacaíochta tithíochta a fháil freisin.
- Beidh an ranníocaíocht chíosa iníochta ag an bhfaighteoir ÍCT bunaithe ar scéim cíosanna difreálacha an údarás áitiúil. Nascann an scéim seo an ranníocaíocht chíosa nach mór do theaghlach a íoc le hioncam agus cumas íocaíochta an teaghlach.

- Cabhróidh ÍCT an earnáil chíosa príobháidí a rialáil agus caighdeán chóiríochta a fheabhsú. Déanfaidh údarás áitiúla an réadmhaoin a scrúdú chun a chinntiú go sásaíonn sí na caighdeáin chuí.
- Féadfaidh faighteoirí ÍCT leas a bhaint as tacaíochtaí agus roghanna eile tithíochta sóisialta trí liosta aistriú an údarás áitiúil más mian leo.
- Is leis na húdarás áitiúla amháin a dhéanfar teagmháil maidir leis na tacaíochtaí tithíochta sóisialta uile.

I gcás na dtiarnaí talún



- Íocfar an tiarna talún go díreach ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí; cumhdaíonn sé seo áitiú na réadmhaoin ag an bhfaighteoir ÍCT don mhí féilire sin, fad is a íocfaidh an faighteoir ÍCT a ranníocaíocht cíosa leis an údarás áitiúil.
- Ní bheidh aon gá cíos a bhailiú ó thionóntaí ar fhaighteoirí ÍCT iad, rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin do thiarnaí talún.
- Ón 1 Eanáir 2016 ar aghaidh tá faoiseamh cánach breise ar fáil do thiarnaí talún a bhíonn a réadmhaoin ligthe acu le tionóntaí a fhaigheann Forlíonadh Cíos nó tacaíocht tithíochta sóisialta ó údarás áitiúil, ar nós ÍCT. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.revenue.ie.
- Déantar gach íocaíocht go leictreonach.
- Ón 1 Eanáir 2016, is féidir le tiarnaí talún a ligeann réadmhaoin ar cíos do thionóntaí a fhaigheann tacaíochtaí tithíochta sóisialta, amháin ÍCT, leas a bhaint as faoiseamh cánach méadaithe. Ceadáíonn sé seo d'úinéirí réadmhaoin faoiseamh 100% a éileamh ar a n-ús morgáiste, mar chostas in aghaidh ioncam cíosa.

Chun cáiliú don fhaoiseamh cánach seo, ní foláir don tiarna talún gealltanais a thabhairt an chóiríocht a chur ar fáil do thionóntaí incháilithe ar feadh trí bliana ar a laghad, agus caithfear an gealltanais seo a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (www.rtb.ie).

Is féidir tuilleadh eolais ar fhaoisimh chánach mhéadaithe a fháil ar www.revenue.ie

Cé a leanfaidh orthu ag fáil Forlíonadh Cíos?

Beidh Forlíonadh Cíosa fós ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí do dhaoine nach gcáilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta – mar shampla, duine atá dífhostaithe go sealadach. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí www.welfare.ie

Conas is féidir le faighteoirí ÍCT aistriú chuig tacaíochtaí eile tithíochta?

Féadfaidh faighteoirí ÍCT atá ag iarraidh leas a bhaint as tacaíochtaí eile tithíochta tríd an gcóras aistriú, arna rialú ag údarás áitiúla, iarratas a dhéanamh ar aistriú chuig cineálacha eile tithíochta sóisialta. Tá tithíocht údarás áitiúil i gceist leis an gcineál seo tacaíochta. Mar fhaighteoir ÍCT, ní chuirtear isteach ar an seans atá agat tacaíocht tithíochta sóisialta de chineál eile a fháil má ghlacann tú le ÍCT.

Cén áit a bhféadfaidh mé tuilleadh eolais a fháil faoi ÍCT?

Déan teagmháil leis an Rannóg Tithíochta i d'údarás áitiúil.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar HAP, tabhair cuairt ar www.hap.ie nó

Láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil: www.tithiocht.gov.ie

An láithreán gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh: www.citizensinformation.ie



**Íocaíocht Cúnaimh
Tithíochta (ÍCT)**

www.hap.ie